



BORD NA GAEILGE UCD

Teach Na Gaeilge



Scéim Chónaithe
Bhord na Gaeilge


2000-
2015

CLÁR ÁBHAR

- Lch. 1- Clúdach
- Lch. 2- Clár Ábhar
- Lch. 3- Eagarfhocail
- Lch. 4- Eoin & Éabha (2000, 2001)
- Lch. 5- Aoibhinn & Breandán (2002, 2003)
- Lch. 6- Sinéad & Proinsias (2004, 2005)
- Lch. 7- Majella & Tríona (2006)
- Lch. 8- Hughie & Rónán (2007)
- Lch. 9- Rachel
- Lch. 10- Andrew, Cian & Eoin (2008)
- Lch. 11- Ruth & Siobhán (2009)
- Lch. 12- Oisín, Aodhán & Cormac
- Lch. 13- Edel
- Lch. 14- Emma & Caoimhe (2010)
- Lch. 15- Peadar (2011, 2012, 2013, 2014)



TEACH NA GAEILGE
AG CEILIÚRADH
15 BHLIAIN
BORD NA GAEILGE UCD



DÓNAL Ó CATHÁIN
(2013, 2014)

"A Chairde,

Is cúis ríméid dom an Leabhrán seo a chur i láthair. Is siar ag túis an tsamhraidh seo caite ar labhair Clár Ní Bhuachalla, Oifigeach na Gaeilge na hOllscoile, liom faoin leabhrán den chéaduair. Ón nóméad sin i leith, bhain mé an-sult as gach céim den phróiseas a chur i gcrích.

Is léiriú é ar an tionchar a bhíonn ag an Teach ar dhaoine, agus ar an meas agus grá a bhíonn acu air agus ar Chlár agus iad ag fágáil, go raibh an méid sin daoine toilteanach tacú liom leis an tionscadal seo agus iad lán sásta ailt, nach mór dírbheathaisnéisí, a scríobh dom. Bhí sé fíor dheacair eagarthóireacht a dhéanamh ar chuid acu toisc gur saol chomh suimiúil atá caite ag gach aon duine sna blianta iar-Scéime.

Foilsíodh leabhrán eile in 2010 chun deich mbliana den Teach a chomóradh. Theastaigh uaim go mbeadh fócas an chinn seo beagánún éagsúil, agus é ag díriú ar a bhfuil bainte amach ag daoine sa saol mór le cabhair thaithí na Scéime, seachas dearcaí daoine ar an Teach féin (ós rud é go mbíonn bá agus cion ag an bhformhór air). Anois agus cúig bliana eile curtha isteach againn, tá tuilleadh forbartha déanta ag lucht na Scéime ina saol gairmiúil. Tá sé thar a bheith suimiúil léamh faoi na réimsí ina bhfuil daoine anois. D'éirigh linn ar a laghad cuntas amháin a fháil do gach ceann de na blianta.

Ar ndóigh, tá bufochas ollmhór ag dul do Chlár Ní Bhuachalla go speisialta, mar aon le Ailbhe Ní Chonghaile, Neil Ó Conchubhair, Micheál Ó Dochartaigh, na profléitheoirí, agus ar ndóigh, gach aon duine a scríobh cuntas don Leabhrán. Murach gach duine acu, ní fhéadfaí an foilseachán seo a chur i gcrích. Tá súil agam go mbainfidh sibhse an taitneamh céanna as a bheith á léamh is a fuair mise as a bheith á chur le chéile.

Go maire an Teach 15 bliana eile!"

CLÁR NI BHUACHALLA OIFIGEACH GAEILGE COBÁC



“ Cúis áthais dúinn a bheith ag ceiliúradh 15 bhliain de Teach na Gaeilge in éineacht le mic léinn agus le hiar-mhic léinn scoláireachta Bord na Gaeilge.

Chuir Scéim Spriocairgeadaithe an Údarás um Ardoideachas mar aon leis an Ollscoil féin ar chumas Bord na Gaeilge an togra seo a chur ar bun sa bhliain 2000. Tá an scéim ag dul ó neart go neart ó shin.

Mheall Teach na Gaeilge plúr na mac léinn an chéad lá riamh. Bunaíodh an togra ar an tuiscint go gcuireann an Ghaeilge le saibhreas cultúrtha an tsaoil i gcoitinne. Tharraing agus tarraingfónn saothar agus samhláocht na mac léinn féin cail ar an teanga. Tugaimidne, Lucht an Bhoird, tacáiocht do na mic léinn agus a bhfís féin á fforú acu.

Gné iontach thaitneamhnach de mo shaol oibre féin í an obair a bhaineann le Teach na Gaeilge. Is rímhór agam comhoibriú na mac léinn, idir shean agus nua. Bhí tionchar nach beag ag tacáiocht Chathaoirleach an Bhoird, An tOllamh Micheál Ó Dochartaigh ar a rathúla is a bhí ár gcuid comh-iarrachtaí go dtí seo.



Díríonn an foilseachán seo ar alumni Teach na Gaeilge. Díol mórtais dúinn gach a bhfuil curtha i gcrích acu ó d'fhágadar nead na hOllscoile ina ndiaidh.

Déanaim comhghairdeas le Dónal Ó Catháin, eagarthóir agus dearthóir an leabhráin chomórtha seo agus le gach aon alumnus a chuir leis an saothar. Go maire sibh bhur nuacht! ”

An tOllamh Micheál Ó Dochartaigh CATHAOIRLEACH BHORD NA GAEILGE



“ 15 bliana ag fás atá Teach na Gaeilge.

Cloch mhíle thábhachtach i scéal Bhord na Gaeilge UCD é go bhfuil cúig bliana déag slánaithe ag Teach na Gaeilge.

Is ionann Scéim Chónaithe an Bhoird agus Gaeltacht bheag dár gcuid féin ar chumpas UCD. Baineann Teach na Gaeilge le pobal Gaeilge a chothú. Baineann sé le leanúnachas sa mhéid is go mbíonn sé ag freastal mar is ceart ar dhaltaí na nGaeleanna agus na Gaeltacha, gan ligean dóibh cultúr a n-óige a fhágáil ina ndiaidh. Tugann sé deis faoi leith festa do dhaltaí eile (ó scoileanna nach gaelscoileanna iad) a bhfuil spéis faoi leith acu sa teanga.

Ceann de na lárreachtaí is mó atá ag Teach na Gaeilge ná an réimse leathan ábhar acadúil atá ag na mic léinn féin. Bíonn mic léinn againn ó réimse leathan ábhar léinn; tréidliacht, ailtireacht, innealtóireacht, leigheas, gnó agus dlí, mar shampla. Tá milieu Gaeltachta le blaiseadh anseo ag an mac léinn nua, cuma cad é an t-ábhar a roghnódh sé. Maidir leis na mic léinn féin, bímse i gcónaí bródúil astu; as a gruthaíocht nuálach, as a samhláiocht agus go háirithe as an obair mhór a chuireann siad isteach le linn na bliana.

Is ambasadóirí teanga iad na mic léinn sa teach, ról a bhaineann ní amháin leis an ollscoil féin agus le saol agus Pobal na Gaeilge in Éirinn ach leis an gcaidreamh iontach atá bunaithe acu le Gaeil na hAlban i nGlaschú agus i nDún Éideann festa. Molaim sibh go h-ard.

Go maire Teach na Gaeilge an céad! ”

FIONA DUNN OIFIGEAR NA GÁIDHLÍGS OILTHIGH GLASCHU

“ Tha Taigh na Gàidhlig aig Oilthigh Ghlaschu air a bhith ag obair gu dlùth le Teach na Gaeilge on a chaidh e stèidheachadh ann an 2009. Tha e doirbh dhuinn a mhìneachadh cho cudromach agus luachmhòr sa tha an ceangal sin air a bhith dhuinn agus mar a tha sinn ag ionnsachadh bho ar caraidean ann an Coláiste Ollscoile, Baile Áth Cliath (UCD), gach bliadhna. Chan e a-mhàin gu bheil an ceangal seo air piseach a thoirt air an sgeama againn, ach tha e air cur gu mòr ri misneachd am measg nan Gàidheal òga ann an Oilthigh Ghlaschu ann an dòigh gu tur eadar-dhealaichte bho phròiseact sam bith eile a th' againn.

Tha sinn a' coimhead air adhart ri bhith a' neartachadh a' cheangail seo a bharrachd agus a bhith ag obair le muinntir Teach na Gaeilge airson bliadhnaichean mòra fhathast.

Tha sinn a' toirt meal an naidheachd dhan a h-uile duine a th' air pàirt a ghabhail san sgeama iongantach seo agus gu sònraichte do Chlár Ní Bhuachalla is i a' dèanamh sàr obair aig UCD gus an sgeama, Teach na Gaeilge a ruith.

Le dùrachdan & spèis mhòr à Glaschu,”

Eoin Ó Catháin (2000, 2001)

“ Rinne mé staidéar ar an Innealtóireacht Shíbhialta idir na blianta 2000 - 2004. Is tábhacthaí dar liomsa leanúint le labhairt na Gaeilge seachas aon rud eile. Is mór agam gur éirigh liom amhlaidh a dhéanamh. Táim fós i dteagháil le beirt a bhí ar an scéim liom agus is Gaeilge a labhraímid le chéile. Mhúin mé rang Gaeilge istoíche i gClub an Chonartha anuraidh agus níl aon amhras ach gur chabhraigh taithí na scéime liom. Is dócha an buntáiste is mó a bain leis an scéim domsa go pearsanta ná deis plé le cainteoirí dúchasacha canúintí eile nach raibh mé i dtáithí orthu. Is féidir liom ó shin Gaeilge Thír Chonaill a thuiscint go mion - rud nach bhféadfainn a dhéanamh roimh ré.

Is mór agam go bhfuil na hárasáin uile in aon tigh arís. Bhí sé amhlaidh idir 2001 - 2002 ach scoilteadh na hárasáin an bhliain dar gcionn. Is mó seans an Ghaeilge a chothú agus a thuilleadh daoine in aon spas amháin. Is iontach a fheiceáil go bhfuil an Scéim fós faoi lánsel - tuigtear dom go bhfuarthas réidh leis i roinnt de na hollscoileanna eile. Is cúis bród dom go raibh mé ann ón túis nuair a cuireadh an Scéim i bhfeidhm den chéad uair in 2000.”

2001-2002

Aine Máire Breathnach
Brighid Breathnach
Cillín Mac Donnacha
Clíodhna Ní Choistealla
Éabha Ní Shiadhail
Éamon Ó Cuív
Éamonn Ó Lionnáin
Eimear Ní Chuiv
Eoin Ó Catháin
Gráinne de Paor
Jennifer Barr
Neasa Ní Aoláin
Pádraig Ó Súilleabhaín
Róisín Nic Cail
Ruth Ní Phionnáin
Séamas Ó Maoinigh



2000-2001

Eoin Ó Catháin
Neasa Ní Aoláin
Pádraig Ó Súilleabhaín
Ruth Ní Phionnáin

TEACH NA GAEILGE AG CEILIÚRADH 15 BHLIAIN BORD NA GAEILGE UCD

Éabha Ní Shiadhail (2001)

“ Rinne mé céim sna dána, ach níor chríofchnaigh mé mo chéim in UCD. D'fhág mé an coláiste tar éis an dara bliain. D'fhill mé ar an Ollscoil in 2007 agus chríofchnaigh mé mo chéim sa Ghaeilge agus sa Stair in Ollscoil Mhá Nuad in 2009.

Tar éis an chéim a bhaint amach, rinne mé Ardteastas san Oideachas. Is múinteoir Gaeilge agus Staire anois mé. Ba mhúinteoir iad mo thuismitheoirí, ba scríbhneoirí Gaeilge mo dhaid agus m'uncail. Bhí Gaeilge againn sa bhaile agus d'fhreastail mé ar scoil i nGaeltacht Ráth Chairn fosta. Ó thaobh na staire de, is as Baile Átha Troim dom, áit iontach stáiriúil i lár chontae na Mí, contae thar a bheith stáiriúil. B'as Doire do mo dhaid fostáit eile stáiriúil. Is dóigh liom go raibh níos mó tionchair aige sin ar fad ar mo shaol gairmiúil ná mo thréimhse sa 'teach'.

Bhí mé i mo Reachtare ar an Chumann Gaelach nuair a sheas an duine romham síos. Ní cuimhní liom na sonraí.. Ceapaim go bhfuil níos mó déanta agam ó shin. Is dóigh liom go raibh mé iontach óg agus mé in UCD agus cé go raibh mé ag déanamh staidéir ar an Ghaeilge agus ag cónaí sa 'teach' níor thuig mé an tábhacht.”

Aoibhinn Ní Shúilleabhbáin (2002, 2003)

"Rinne me staidéar ar an bhFisic Theoiriciúil agus thosaigh mé i 2001.

Chuaigh mo shaol gairmiúil cúpla treo éagsúil! Ach is cinnte go raibh an t-am a chaith me sa Teach an-tábhachtach mar bhí mé compordach bheith ag labhairt as Gaeilge mar Rós Thrá Lí agus chaith mé cúpla mí ag múineadh Gaeilge ar an meán-scoil chomh maith.

Bhí mé ag obair mar láithreoir ar Radio na Life agus ar an gclár 'Splanc' ar Newstalk chomh maith agus is cinnte go raibh an t-ádh liom sa phost sin gur chaith mé dhá bliain i dTeach na Gaeilge i UCD.

Níl fhios agam an bhfuil mórán déanta agam ar son na Gaeilge ach is aoibhinn liom an teanga agus is aoibhinn liom bheith in ann í a úsáid. Ó mo thréimhse in UCD, bain mé an-taitneamh as bheith mar bhean an tí ag na céilithe móra a bhí againn! Bhí sé deacair go leor 'Ballaf Luimnígh' a mhúineadh do na scoláirí ó thar lear! Na laethanta seo táim an-sásta go bhfuilim in ann obair trí mheán na Gaeilgeanois is arís."



2002-2003

Aoibhinn Ní Shúilleabhbáin
Breandán Ó hAnnaidh
Brighid Breathnach
Caitríona Ní Éiligh
Eimear Ní Chuív
Finín Ó Néill
Jennifer Ní Locháin
Laraine Ní Thuathaigh
Maire Ní Riain
Pádraig Ó Gallachóir
Ríona Nic Congail
Seán Ó Buachalla
Sinéad Ní Mhaolmhichíl
Sinéad Nic Niocaill
Siobhán Ní Uallacháin
Susan Ní Chathmhaoil

TEACH NA GAEILGE AG CEILIÚRADH 15 BHLIAIN BORD NA GAEILGE UCD

2003-2004

Ailís Nic Ghib
Aindriú Ó Dorchaí
Aisling Nic an Tuile
Aoibhinn Ní Shúilleabhbáin
Aoife Nic Niocaill
Breandán Ó hAnnaidh
Deirdre Ní Bhuachalla
Eimhin Ó Lideadha
Elaine Ní Dhonchadh
Gwen Ní hUltáin
Laoise Ní Thuama
Louisa Ní hÉideáin
Mairéad Ní Ghabháin
Pádraig Ó Gallchóir
Shane Ó Corcorán
Sinéad Ní Mhaolmhichíl



Breandán Ó hAnnaidh (2002, 2003)

"Le linn dom a bheith ag staidéar ar mo PhD a bhí mé ar an scéim chónaithe. Fuair mé post thar lear san Fhraing (le Philips Semiconductors), i nGrenoble, sna hAlpacha ar feadh cúpla bliain, sular fhill mé ar phost i Luimneach le Analog Devices. Thug mo chuid ama ar an scéim spreagadh nua dom meascadh le daoine eile lasmuigh de mo ghnáthchairde ag an am (CLG, Innealtóirí, daoine ó mo cheantar féin srl), rud a bhí áisiúil dom agus mé ag dul thar lear anois.

Thar lear, bhuaile mé le heachtrannaigh a raibh suim acu sa Ghaeilge. Thug mé faoi labhairt leo as Gaeilge ionas go bhféadfais Gaeilge a fhoghlaim agus a chleachtadh.

Is maith liom an Ghaeilge a úsáid go poiblí freisin, mar chaptan ar fhoireann Analog Devices cúpla bliain ó shin agus muid ag buachan Chraobh na Mumhan (interfirm), thug mé óráidí as Gaeilge, mar shampla.

Cé nach as aon cheantar Gaeltachta mé, tá mé ag tógáil mo chlann trí mheán na Gaeilge. Tá feabhas iontach mór tar éis teacht ar chumas mo mhna céile, agus tuigeann mo mhac an-chuid Gaeilge anois. Nil m'iníon ach 6 mhí d'aois ach beidh sise chomh maith leis ar ball. Tá mé fós bródúil as mo chuid ama ar an scéim. Sílim gur scéim iontach rí."

Sinéad Ó Maolmhbichíl (2002, 2003)

“ Rinne mé Gaeilge agus Ceol san Ollscoil.

Tar éis dhá bliain a chaitheamh ag obair le Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge i mBÁC, d'fhág mé an Chomhdháil chun bliain a chaitheamh ar scoláireacht Fulbright in Ollscoil Illinois Theas, Carbondale ag múineadh Gaeilge ann agus ag déanamh staidéar ar pholasaithe dátheangacha. Tar éis bliain iontach a chaitheamh ansin, shocraigh mé an "stage" (tréimhse oiliúna) a dhéanamh sa Bhruiséil in Aonad na Gaeilge sa Choimisiún Eorpach. Faoi láthair, táim ag obair i gComhairle an Aontais Eorpaigh mar chomhordaitheoir d'Aonad na Gaeilge.

Nuair a bhí mé ar an Scéim, bhíomar ar fad gníomhach san fheachtas STÁDAS chun Gaeilge a chur i measc na dteangacha eile san Eoraipl. D'éirigh leis an bhfeachtas agus anois táim ag obair leis an nGaeilge i gcroílár na hEorpa. Is cúis bhróid é domsa go raibh mé páirteach ansin nuair a bhí mé ar an Scéim. Is í an Ghaeilge an teanga oibre i m'ofig anseo sa Bhruiséil agus is minic a chloistear í i mbialanna nó i bpubanna sa Cheantar Eorpach.

Ní raibh Gaeilge agam ón gcliabhán agus níor fhreastail mé ar Ghaelscoil ach an oiread. Thug an Scéim deis iontach dom mo chuid Gaeilge a fheabhsú i mbealach nádúrtha, deis í a úsáid mar ghnáth-theanga laethúil.”

2005-2006

Áine Máire de Bhailís
Aislinn Nic an Bhréithíún
Aodh Breathnach
Aodhán Ó Riain
Aoife Nic Niocaill
Bríd Eibhlín Ní Phiondar
Colm Ó Méalóid
Deirdre Breathnach
Diarmuid Ó Conchúir
Máire Ní Bhrolcháin
Majella McDonnell
Prionsias Baicéir
Seán Ó Crualaoích
Sinéad Breathnach
Sorcha Ní Eideáin
Treasa Ní Bhrolcáin

TEACH NA GAEILGE CEILIÚRADH BLIAIN NA GAEILGE UCD

2004-2005

Aodh Breathnach
Caoimhe Ní Ghormlaith
Colm Ó Briain
Colm Ó Meallóid
Deaglán de Breadúin
Diarmuid Ó Diolúin
Dónal Mac An lomaire
Eimhin Ó Lideartha
Louisa Ní Éideáin
Majella Ní Loinsigh
Niall Ó Foghlú
Orla Ní Threasáigh
Prionsias Báicéar
Ríona Nic Congail
Róisín Ní Leathlobhair
Tadhg Ó Rodaigh

PROINSIAS Báicéir (2004, 2005)

“ Rinne mé staidéar ar Stair agus Polaitíocht san Ollscoil. Ní raibh sin tionchair aige ar mo shaol gairmiúil, ach thug an t-am sa teach taithí dom bheith ag labhairt agus ag obair le daoine, chomh maith le scileanna d'agallaimh is araile.

Rinne mé níos mo oibre ar son na Gaeilge sa chéad bliain ná a rinne mé o shin. Tá díomá orm fén nach ndearna mé níos mó.

Thug an scéim seans dom aithne a chur ar dhaoine, nach mbeadh de ghnáth. Bhí me curosach ciúin ach go háirithe ag labhairt le daoine nach raibh aithne agam orthu. Thug se taithí dom cónaí le daoine nua freisin agus ba í an Ghaeilge an rud a cheangail muid go léir le chéile. Táim an-bhuíoch as sin.”

Majella McDonnell (2005, 2006)

“ Chuaigh mé leis an Achtúireacht tar éis na hollscoile, agus oibrím sa chomhlacht Allianz a na laethanta seo. Scríobhaim gearrscéalta i mo chuid ama saor. Dréimire ab ea an scéim chónaithe, go deimhin, a tharraing mo chuid Gaeilge ó leathanaigh na hArdteiste go dtí an chéad chéim eile.

Gan amhras, d'imir ceol na gcanúintí éagsúla sa teach tionchar ollmhór ar na scéalta a scríobh mé ó shin i leith.

Fuair mé an deis bheith páirteach sa chumann nuabheirthe Scríbhneoirí Úra na Gaeilge agus fad is a bhí mé i mo chónaí i dTeach na Gaeilge, scríobh mé colún Gaelach don University Observer chuile choicís, nach mór. Fuair mé an deis ról an eagarthóra Ghaelaigh a ghlacadh ar láimh freisin. Chuala mé faoi Scéim na nOidí a bhíonn á reáchtáil ag Foras na Gaeilge agus i ngeall ar an scéim seo d'éirigh liom duaiseanna a bhaint amach i gComórtas Liteartha an Oireachtas, chomh maith le Comórtas Liam Mhic Uistín agus The Lonely Voice (Áras na Scríbhneoirí).

Ar deireadh thiar thall, ní haon áibhéal a rá gurbh í an Scéim Chónaithe an spreagadh ba mhó don Ghaeilge i mo shaol.”



2006-2007

Aisling Nic Craith
Aodh Ó Néill
Cathal Mac an Rí
Cathal Ó Sé
Ciara Ni Eochaidh
Cristin Nic Aodh
Deirdre Breathnach
Faye Ní Mhaolchiaráin
Gráinne Nic Fhirléin
Majella McDonnell
Michelle Ní Mhurchú
Rónán Mac Samhráin
Sinéad Breathnach
Treasa de Paor
Tríona Ní Dhochartaigh
Zita Nic Arnóide



TEACH NA GAEILGE
AG CEILIÚRADH
15 BHLIAIN
BORD NA GAEILGE UCD

Tríona Ní Dhochartaigh (2006)



“ Rinne mé BA i nGaeilge agus Stair do mo chéim agus Scríobh agus Cumarsáide na Gaeilge do m'iar-chéim.

Tar éis na hOllscoile, d'oibrigh mé d'eagras forbartha Gaeilge i Rannóg Cumarsáide agus Margafocfa. Lean mé orm ag obair sa réimse Cumarsáide agus Margafocfa agus táim anois ag obair do ABRSM i Londain, eagraíocht ceoil a chuireann scrúdúithe ceoil ar fáil i 93 thí ar fud na cruinne.

Bhí éifeacht mhór ag mo thréimhse sa Teach ar mo shaol gairmiúil toisc gurb ann a chuir mé tú maith le mo shaol ollscoile sa chéad bhliain. D'éirigh go maith liom ar an ollscoil agus fuair mé go leor taithí agus deiseanna mar gheall ar UCD agus Scéim Bhord na Gaeilge.

Chuir mé tú maith le mo shaol acadúil nuair a bhí mé ar an Scéim agus táim fíor-bhródúil as gach rud a d'éirigh liom a bhaint amach dá bharr. Cé go bhfuil cónaí orm i Sasana anois, labhraím mo theanga dhúchais gach lá - rud a bhfuilim fíor-bhródúil as.”

Hughie Ó Néill (2006)

“ Rinne mise Stair agus Spáinnis mar bhun-chéim, ansin máistreacht in eolaíocht eacnamúil i gcúrsaí poiblí an AE agus DL.

D'fhág me UCD in 2011 agus chuaigh me go Nua Eabhrac áit a bhfuair me obair i stocbhrócaire i Manhattan. D'fhill me ar Bhaile Átha Cliath ó shin, áit a bhfuilim i mbun díolachán le bSkybanois.

Agus me i Nua Eabhrac, rinne me ranganna labhartha Gaeilge le páistí eachtrannacha Éireannacha, chun Gaeilge éigin a chleachtadh agus a mhúineadh dóibh agus giota airgid eile a thuilleadh. Bhí me fíor-bhródúil bheith sa scéim, mo chéad bliain sa choláiste, agus Gaeilge a bheith in úsáid go nádúrtha i measc mhuintir an tí.

Le déanaí, bhí mé ag iarráidh go mbeadh seirbhísí Sky ar fáil do chustaiméirí i nGaeilge mar rogha, ach níl sin i ndiaidh tarlú fós faraor. Go minic, labhraím Gaeilge amháin le custaiméirí ar mian leo a ngnó a reáchtáil trí Ghaeilge. Braithim go mbíonn éifeacht éigin aige seo ar mheon daoine i leith stádas na teanga, níl ann ach gur gá dúinn céimeanna beaga a ghlacadh chun ár ngrá di a léiriú.

Meas mór chuig an Posse sa Scéim!”



2007-2008

Aisling Ní Hoirbeard
Aislinn Nic an Bhreithiún
Aoife Ní Searcaigh
Brian Ó Monacháin
Cathal Ó Sé
Ciarán Mac Raighnáill
Dónal Ó hAnrachartaigh
Emmet Ó Ceallaigh
Liz Watts
Máire Ní Dhonnchú
Micheál Ó Cathasaigh
Michelle Ní Riain
Rachel Ní Fhionnáin
Rónán Mac Samhráin
Ruaidhrí Ó Bearra
Stiofán Ó Muirí

TEACH NA GAEILGE AG CEILIÚRADH 15 BHLIAIN BORD NA GAEILGE UCD



Rónán MacShamhráin (2006, 2007)

“ Rinne mé staidéar ar an Innealtóireacht Mheicniúil (don bhunchéim, máistreacht agus Ph.D.)

Chuaigh mé thar sáile chuig MIT chun Ph.D. a bhaint amach. Dhíríogh mé ar dhíshalanú agus an teicneolafocht a bhaineann leis. Chríofchnaigh mé mo staidéar mí ó shin agus tá comhlacht á chur le chéile agam faoi láthair. Bímse fós i dteaghmáil le cairde ón scéim - Emmet Ó Ceallaigh agus Dónal Ó hAnrachartaigh ach go háirithe - buailimid le chéile gach bliain nuair a bhíom ar ais san Eoraip.

Bhain mé an-taitneamh as na hoícheanta a bhíodh againn i dtithe na scéime, na béiltí a bhí againn agus na hoícheanta sa Chonradh. Bhí mé i mo bhall sa chumann drámafochta chomh maith agus chuamar go Luimneach le chéile don Fhéile Náisiúnta. Is cuimhin liom go maith na tréimhsí sin.

Uaireanta buailim le daoine le Gaeilge thar lear i mBostún ach ní chloisim ón Scéim go minic anois. Bhí mo dheirfiúr Aoife agus mo dheartháir Fergal ar an scéim freisin agus chuala mé scéalta uathu. Ba breá liom buaileadh le lucht na scéime arís.”

"Rinne mé na Dána Idirnáisiúnta, Spáinnis, Fraincis (Erasmus i mBesancon ar feadh bliana) agus an Ghaeilge. Rinne mé máistreacht i Scríobh agus Cumarsáid na Gaeilge ansin rinne mé an DIO i nGaillimh chomh maith le máistreacht eile in NUIG sa Drámaíocht!

Nuar a chríochnaigh mé an Mháistreacht, chuaigh mé ag obair le Raidió aa Gaeltachta i gContae Chiarraí ar feadh bliana. Ansin bhíos ag obair mar stiúrthóir drámaí in amharclann AnnÓg sa Daingean. Rinne mé an DIO chun a bheith i mo mhúinteoir meánscoile agus le Hibernia ansin. Agus toisc go gcreidim go hiomlán sa drámaíocht mar chuidí san oideachas, rinne mé máistreacht sa drámaíocht chun cur leis an mhúinteoireacht, is mór an chabhair í le teangacha a mhúineadh ach go háirithe.

Ba mhór an tionchar a bhí ag an tréimhse sa teach orm. Bhí pobal fuinniúil, cairdiúil, uaillmhianach i mo chomhluadar le linn na bliana. Bhí pobal ar chomhaintinn le chéile agus bhíodh na doirse fágtha oscailte ar shlí dá chéile. Toisc go mbíodh rincí, PeilField, nó oícheanta amuigh á eagrú ag na mic léinn, ba mhór an fuinneamh a bhrathfeá agus spreagfadh sé tú féin chun tuilleadh imeachtaí a eagrú. Fós tá aithne agam ar dhaoine ón scéim agus táim ag obair le Hibernia ar líne le duine amháin acu! Thug an taithí sa teach muinín dom leis toisc go raibh Clár Ní Bhuachalla san oifig chomh cneasta linn agus chaith sí go deas linn gach lá. Ba mhór an meas a léirigh sí agus ní dhéanfá dearmad air sin. Toisc go raibh suim ag gach éinne sa teanga, go nádúrtha bhí sé éascaimeacha a eagrú as Gaeilge ar son na Gaeilge.

Le linn na bliana, bhí seachtar cairde mar bhaill den chumann drámaíochta in UCD agus scríobh mé drama dar teideal 'Teilifís na Físe' agus bhíos ag aisteoireacht ann freisin. Thugamar cuireadh don chomhlacht náisiúnta teacht agus a deireadh seachtaine drámaíochta a chur ar bun i gColáiste na hOllscoile. Ansin, toisc gur éirigh go breá leis an dráma, fuaireamar cuireadh dul go dtí Electric Picnic agus an dráma a chur ar stáitse sa phuball Gaeilge. Ba mhór an onóir é agus ina theannta sin thug an tOireachtas i gCorcaigh cuireadh díunn é a chur ar stáitse do 800 duine le linn an Oireachtais. Bhuamar dhá dhuais leis ag an gComórtas Náisiúnta Drámaíochta. Ach de bharr na scéime a tharla sé, toisc go raibh an tacáocht ann agus dá bharr, mhothaíomar muiníneach agus bródúil. Scríobh mé agus stiúr mé dráma do 25 dhalta sa Daingean le AnnÓg sa bhliain 2010 agus bhí sé ar stáitse le linn Fhéile na Bealtaine don phobal.

Sa bhliain chéanna bhí CTN, nó Campus Television Network ar an gcampus agus bhí clár 'cúpla focal' agamsa agus mo chara Tom. Chuireamar Cathal Mac Coille, Don Wycherly (aisteoir ó Bachelor's Walk agus Fr Ted), an tAire Mary Hanafin, Máire Mhac an tSaoi, Carrie Crowley (aisteoir), Caroline Morahan (Off the Rails Fashion RTÉ agus Sarah Ryder, léiritheoir ó RTÉ, faoi agallamh maidir lena gcuimhneach agus bródúil. Scríobh mé agus stiúr mé dráma do 25 dhalta sa Daingean le AnnÓg sa bhliain 2010 agus bhí sé ar stáitse le linn Fhéile na Bealtaine don phobal.

Sa bhliain chéanna bhí CTN, nó Campus Television Network ar an gcampus agus bhí clár 'cúpla focal' agamsa agus mo chara Tom. Chuireamar Cathal Mac Coille, Don Wycherly (aisteoir ó Bachelor's Walk agus Fr Ted), an tAire Mary Hanafin, Máire Mhac an tSaoi, Carrie Crowley (aisteoir), Caroline Morahan (Off the Rails Fashion RTÉ agus Sarah Ryder, léiritheoir ó RTÉ, faoi agallamh maidir lena gcuimhneach agus bródúil. Scríobh mé agus stiúr mé dráma do 25 dhalta sa Daingean le AnnÓg sa bhliain 2010 agus bhí sé ar stáitse le linn Fhéile na Bealtaine don phobal.

Bhí mé ag obair mar thacú teanga le TG4 ar scannán 'An Gaeilgeoir Nocht' ina dhiaidh ar feadh míosa agus bhí mé ag deimhniú go raibh Gaeilge na Mumhan ag na haisteoírl. Seasann an tréimhse sin amach i mo shaol.

Bím ag obair le Raidió na Life fós, gach seachtain le clár 'DrámaRáma' ina ndéantar cur síos ar na himeachtaí agus an tsionsaíocht atá ag tarlú i mBaile Átha Cliath. Toisc go raibh an deis agam a bheith ar an Raidió, cuireadh an cheist orm an guth a thaifeadadh as Gaeilge don bhus ar CITY SIGHTSEEING d'fhorbairt go mbeadh deis ag na cuairteoirí an Ghaeilge a chloisteáil! Ba mhór an spraoi a bhí againn leis sin.

Scríobh mé agus daoine eile ón scéim sa nuachtán The Observer sa Choláiste as Gaeilge agus ina dhiaidh scríobh mé 23 alt do Bheocheist san Irish Times as Gaeilge, ach sin toisc go raibh mé in UCD agus gur tháinig an t-eagarthóir Pól chugainn inár moladh. Tarlaíonn na deiseanna seo sa choláiste mar bónn tú sa timpeallacht cheart. Mhol an léachtóir Regina Ú Chollatáin sin go hiomlán agus ba mhór an chabhair é sin. Bhí deis agam colún as Gaeilge a bheith agam san iris Comhar ar feadh dhá bhliain.

Táim mar bhall de Choiste Fhéile na Bealtaine, táim i gceannas ar an dráma agus bíonn an Ghaeilge an-tábhachtach ar líne, déanaim an t-aistriúchán ar chlár Fhéile na Bealtaine leis.

Is iomaí deis a fuair mé agus d'eascair formhór dó as an muinín agus an tacáocht a fhaigheann tú ón scéim, ó na comhscoláirí agus ó Bhord na Gaeilge, go háirithe ó Chláir!

Chun an fhírinne a rá, is dócha go bhfuil gach éinne ón scéim i gconaí i mbun togra de shaghais éigin agus fós buailim le daoine ón scéim agus is breá an rud é sin, mar is daoine iontacha iad agus bhí an t-ádh dearg liomsa a bheith leo ina measc. Táim bródúil a lua ar mo CV go raibh mé rannpháirteach sa scéim agus an taithí sa tigh!"

Anndú Ó Faoláin (2008)

“ Táim i mo bhall de Bhord Stiúrtha Comhar Teo. Foilsíonn an comhlacht an t-irisleabhar iomráitreach Comhar chomh maith le roinnt leabhar.



Fuair mé cuireadh dul ar an mbord tar éis na hollscoile de bharr mo chuid oibre ar an scéim agus leis an gcumann. Bhí mé in ann mo chuid taithí a úsáid chun cabhrú leis an gcomhlacht dul chun cinn a dhéanamh.

Sa bhliain 2012 bhain mé leas as mo nasc le Teach na Gaeilge nuair a d'eagraigh mé óiche filiochta i UCD thar ceann Comhar agus i gcompháirt le ball den Teach, a bhí mar chuid de cheiliúradh 70 bliain den iris.”

Cian Taaffe (2008)



“ Bhain mé amach bunchéim sna Dána - Gaeilge agus Béarla - agus thug mé faoi iarchéim i Scróbh agus Cumarsáid na Gaeilge ina dhiaidh sin.

Anois, i ndiaidh dom roinnt taistil a dhéanamh agus poist éagsúla a bheith agam, roinnt acu agus an Ghaeilge ina croí-lár, tá sé i gceist agam tabhairt faoin scríbhneoireacht go proifisiúnta agus tám díreach ag tosú amach ar an mbóthar sin, ach cinnte is cabhair é bheith dá-theangach agus bhí deis agam agus mé i mo chóinéar sa Teach dráma, An Ghealtacht, a scríobh agus a chur ar státse, taim bródúil as sin agus sa bhliain 2014 rinne mé moltóireacht ar chomórtas filiochta faoi 16 agus faoi 21 d'Oireachtas na Gaeilge

Bhíos ag múineadh na teanga ar chúrsaí samhraidh sa Ghaeltacht i ndiaidh dom mo chéim a bhaint amach. Tá go leor taibhe le baint as an Scéim ach dom féin go pearsanta, sílim gur fhoghlaím mé gur féidir rud ar bith a bhaint amach i ndiaidh duit díriú isteach air, agus úsáid a bhaint as na teagmhálacha atá agat thart ort féin.”

2008-2009

Aindriú Ó Faoláin
Áine Ní Choileáin
Aodhán Ó Deá
Aoife Nic Shamhráin

Cian Taaffe
Deirdre Ní Phoghlú
Dónal Ó hAnrachartaigh
Edel Ní Churraoín
Ellen Ní Riordáin
Eoin Ó Murchú
Jennifer Ní Churtáin
Lisa Nic Phaidín
Madeleine Ní Ghallhobhair
Ruth Ní Ghormáin
Tadhg Walsh-Peelo
Tríona Ní Mhurchú

TEACH NA GA AG CEILIÚRA 15 BHLIAIN BORD NA GAEILGE UCD

Eoin Ó Marcháin (2008)



“ Ó d'fhág mé Teach na Gaeilge (nó Scéim ChónaÓ d'fhág mé Teach na Gaeilge (nó Scéim Chónaithe BnáG mar a bhí!), i bhfad i bhfad siar anois, ghlac mé páirt i roinnt mhaith imeachtaí agus gluaiseachtaí Gaeilge. An rud is mó acu seo a thugann sásamh agus dóchas dom ná Na Gaeil Óga. Is cumann lán-Ghaeilge CLG é seo le foirne peile d'fhir is do mhná, chomh maith le hiománafocht..”

Thug mé faoi chlár grinn as Gaeilge ar TG4 le Andy Ó Faoláin iarbhall den Teach. Óna scileanna a fuaireamar i dTeach na Gaeilge bheartaíomar óche rialta ghrinn a bhunú tar éis don chlár críochnú agus tá ag éirí go maith linn ó shin i leith. Tá curí faighe againn chuig félte móra samhraidh, tá clár raidió beartaíthe agus tá naisc cruthaithe idir sinn is lucht siamsaíochta Gaeilge fud fad na tíre.

Táim gafa leis an scríbhneoireacht agus ó fuair mé deis cuid mhór a scríobh ar an ollscoil tá fonn chun méarchláir orm fós. Tá fáilte mhór roimh scríbhneoirí don iris Nós, An Tuairisceoir agus a leithéid agus tá curí faighe chun oibre faighe agam, ar an idirlón agus ar phainéil raidió. Casaim le go leor daoine ó Theach na Gaeilge fós agus bainim an-sásamh as a scéalta ar fad a chloisteáil! Fágaimis ár lorg! ”

Ruth Ní Ghormáin (2008)

“ Rinne mé staidéar ar an tSíceolaíocht.

Chaith mé 2 bliain ag obair, ar dtús le páistí le huathachas (autism) idir 3-6 mar 'ABA tutor' agus ina dhiadh sin mar Shíceolaí Cliniciúil Cúnta le P.I.P.S (Psychologists in Primary Schools) Ní raibh mórán de thionchar ag mo thréimhse sa teach ar an rogha sin, ach sin toisc nach raibh mé ag déanamh rud éigin ar leith le Gaeilge, má thuigeann tú mé. Anois táim ar tí máistreacht dhá bliain a dhéanamh i Londain, ag déanamh staidéar ar Shíceolaíocht Fhorbartha agus ar Shíceolaíocht Chliniciúil.

Chaith mé bliain (Feabhra 2013- Aibreán 2014) ag déanamh obair dheonach le Raidió na Life 106.4fm, ag déanamh cláir faoi cheol Éireannach in éineacht le mo chomh-chraoltóir, Niamh Ní Shúilleabhadhán, (gach saghas ceoil, ní hamhán ceol diddley aye, cé gur maith liom an stuif sin freisin!)

Chomh maith leis sin, i gCOBÁC, bhí mé féin is Siobhán Nic Fhlannchadha i gceannas ar Caife agus Comhrá gach Céadaoin. Ba mhaith an rud sin, toisc gur tháinig daoine nach raibh baint acu leis na grúpaí Gaelacha eile le Gaeilge a labhairt. Chabhraigh an taithí a fuair mé ar an scéim le go leor rudaí níos déanaí, ó thaobh rudaí a eagrú agus bheith bródúil as Gaeilge a labhairt go ginearálta.”

2009-2010

Antoine Mac Gaoithín
Aoife Nic Shamhráin
Brendan Mc Ardle
Caoimhín Mac Giolla Chaoin
Cathal Mac Dhaibhéid
Clár Nic Seoín
Colmán Ó hÁinle
Cormac Breathnach
Cormac Ó Murchú
Dónal Ó Curráin
Dónal Ó hAnnachtaigh
Edel Ní Bhraonáin
Edel Ní Churraoin
Elaine Nic Ghearailt
Eoghan Ó Braonáin
Jennifer Ní Churtáin
Katie Nic Andréis
Maighread Coyle
Oisín Ó Cinnéide
Ruth Ní Ghormáin
Sarah Ní Mhuirí
Seán Ó Buadáin
Siobhán Nic Fhlannchadha
Tríona Ní Mhurchú



Siobhán Nic Fhlannchadha (2008)

“ Rinne mé céim sa tSíceolaíocht.

Tá céim dochtúireachta sa tSíceolaíocht á dhéanamh agam faoi láthair i gColáiste Ollscoile Baile Átha Cliath agus tá taighde ar fhorbairt na Gaeilge á dhéanamh agam. Is múinteoir damhsa Zumba mé chomh maith agus bím ag obair le grúpa de dhéagóirí le huathachas. Bhí an Ghaeilge lárnach i mo shaol ó rugadh mé ach b'ontach an deis dom bliain a chaitheamh ar an Scéim fós féin! Chuir mé aithne ar dhaoiné iontacha agus is dlúthchairde muid fós.

Is mé Cailín Gaelach 2014! Bhain mé amach an teideal ag Comórtas Peile na Gaeltachta i mo bhaile féin, Maigh Cuilinn! Ar an ollscoil, is cúis bród dom go raibh mé mar Reathaíre ar an gCumann Drámaíochta ar feadh dhá bliain go leith. Sa tréimhse sin chuireamar "An Trial" ar stáitse faoi dhó, rinneamar léiriú ar ceithre dhráma nua-scríofa agus leagan Gaeilge de dhráma Beckett agus bhuamar neart duaiseanna. Bhunaigh mé féin agus cara liom Caife agus Comhrá, ciorcal comhrá atá fós ar an bhfód san ollscoil. Chuir mé an clár Gaeilge ar Belfield FM i láthair agus d'inis mé scéal "Peadar agus an Mac Tíre" mar chuid de cheolchoirm Cheolchoireann UCD le déanaí. Múinim ranganna Zumba trí Ghaeilge go rialta agus bím ag múineadh ar champaí samhráidh i nGaillimh gach samhradh.”

Oisín Mac Cinnéide (2009)

“ Is innealtóir mé anois le comhlacht innealtóireachta - Nicholas O'Dwyer.

Chaith mé an dá shamhradh deiridh sa Ghaeltacht ag múineadh na Gaeilge ann agus bhí deis agam obair a dhéanamh ar son Ghaeltacht Choláiste Naomh Eoin i mBaile Átha Cliath. Bhí mé ar an Scéim nuair a eagraíodh an chéad Rás UCD ar an gcampas. Ba é Dónal Ó hAnrachartaigh a bhí ina cheannródaí ar an tionscnamh seo agus fillim gach bliain anois le Rás UCD a rith.

Nuir a bhí mé ar an scéim bhí deis agam Díospóireacht Ghrinn a eagrú san Ollscoil eadrainn féin agus Coláiste na Tríonóide. Tá suim agam sa díospóireacht go fóill agus i mbliana thug mé féin agus Emma Nolan (iarscoláire eile on scéim) faoi fhoireann scoile a thraenáil i gcomórtas Gael Linn. Ba dheas an t-eispéireas seo agus ba bhuntáiste mór é do na daltaí a ghlaic páirt ann.

Ach thar aon ní eile, is é an cairdeas agus comphobal Gaelach na rudaí is fearr a bhain mé ón scéim. Bhí an t-ádh liom bheith párteach i slua iontach a bhí ar an scéim sa bliaín chéanna liom. Bhí an-chuid spraoi agam agus cuimhneoidh mé air go brách.”



Aodhán Ó Deá (2008)

“ Céim sa Gnó & Dlí 2005-2010



Rinne mé staidéar ar an gnó agus dlí san ollscoil ach dáiríre chuireas níos mó spéise sa Gaeilge i gcúrsaí mac léinn ón chéad lá ar champas. Chuir mé féin agus cúpla cara borradh faoi An Cumann Gaelach in 2007 agus mé mar Oifigeach Gaeilge le hAontas na Mac Léinn. Bhí cúpla bliain dochreidte againn ag eagrú imeachtaí is feachtas ar son na Gaeilge agus d'éirigh liom áit a fháil i dTeach na Gaeilge sa bliaín 2008/09 agus mé mar Uachtaráin ar Aontas na Mac Léinn san Ollscoil. Bhí deis faoi leith agam an Ghaeilge a chur chun cinn mar Uachtaráin agus ní dhéanfaidh mé dearmaid riamh ar an gcomhoibriú ó Theach na Gaeilge an bliaín sin. Chuireamar túis le himeachtaí ar nós NÓ Béalta, BÁL na Gaeilge, Rás UCD, Seó Faisin, An Fugitive Gaelach - imeachtaí atá fós thart inniu.

Ó shin i leith, le 5 bliain anuas táim tar éis an té a shiúl is a thiomáint ag obair le Conradh na Gaeilge. D'úsáid mé mo thaithí ó na blianta sin le go leor Cumann Gaelach nua a bhunú timpeall na tíre mar Chomhordaitheoir na Mac Léinn. Táim fós ag brath ar an taithí chéanna le bliain anuas sa ról nua mar Stiúrthóir Forbartha le Conradh na Gaeilge - an príomhfeachtas atá forbartha againn le bliain anuas "Gaeilge24" bunaithe ar an bhfeachtas "No Béalta". Bhí breis is 20,000 párteach sa bhfeachtas i mbliana - ag labhairt Gaeilge gan stád ar feadh 24 uair a chloig. Thug Teach na Gaeilge Bhord na Gaeilge an chéad bhliain dom den saol seo agus is cús bhróid dom go bhfuil mé in ann leanúint ar aghaidh ag eagrú imeachtaí mar seo ar bhonn náisiúnta, ag cabhrú le Bord na Gaeilge nuair is féidir liom.”



Cormac Breathnach (2009, 2010)

“ Bhain mé bunchéim sa tsíceolaíocht amach ar dtús agus chuaigh mé ar aghaidh chun MA a dhéanamh sa Ghaeilge go díreach ina dhiaidh sin.

Ag obair le Foras na Gaeilge ar Thionscadal an Fhoclóra Nua Béarla-Gaeilge atáim anois. Bhí dlúthbhaint ag mo thréimhse i dTeach na Gaeilge leis an gcinneadh a ghlaic mé imeacht ó chúrsaí síceolaíochta agus aghaidh a thabhairt ar an nGaeilge. Bhí spéis mhór agam sa Ghaeilge i gcoíneáil agus treisíodh an spéis sin agus mé ag cur fóm sa Teach.

Chaith mé trí bliana ar choiste an Chumainn Ghaelaigh in UCD. Chuir mé spéis sa litríocht, sa díospóireacht agus san eagarthóireacht ach go háirithe. Ghlaic mé páirt i nDíospóireacht Ghael Linn don Tríú Leibhéal, bhí mé i mo chomheagarthóir Gaeilge le The College Tribune agus ar dhuine d'eagarthóirí Nua-Aois le dhá eagráin anuas. Agus mé sa dara bliain bhí mé i mo chisteoir nuair a bhuaigh An Cumann Gaelach comórtas Ghór na nGael. An lá is fearr a bhí agam leis an gCumann Gaelach ná an Agóid Chiúin i láir na cathrach sa bliaín 2011. Bhí os ciorn míle mac léinn i láthair an lá sin i mbun agóide i gcoinne pholasáil polaitiúil frith-Ghaeilge.”

EDEL NI ÓBRAONÁIN (2009, 2010)

“ Rinne mé staidéar ar na Dána: Gaeilge agus Béaloideas.

Chaith mé bliain ag obair le RAG Ireland, óg-eagras a bhuil an sprioc acu mic léinn sa trú leibhéil a chumasú agus a shlógadh le páirt ghníomhach a ghlacadh sa tsochaí tríd imeachtaí spraíula, taitneamhacha a eagrú ar a gcampais féin, is tríd obair dheonach a dhéanamh go háitiúil agus tográí nua a bhunú.

Cé nach bhfuil an t-óg-eagras seo thírithe ar an nGaeilge is mar gheall ar mo thaithí mar Reachtaire ar an gCumann Gaelach is mo bhaint le Na Gaeil Óga CLG a fuair mé an deis bheith ag obair le RAG Ireland. Ba í an Ghaeilge teanga cumarsáide na hoifige 90% den am is bhí mé ag plé le roinnt mhaith mac léinn le Gaeilge gach aon lá den tseachtain.

Anois tá post agam le Gníomhaireacht Margaíochta & Fógraíochta. Faoi láthair, táim ag obair ar imeachtaí do Jameson don chuid is mó is ag obair ar fheachtas náisiúnta Naomh Uinsíonn de Pól. Arís, cé nach bhfuil an obair trí mheán na Gaeilge, is í an Ghaeilge teanga chumarsáide na hoifige 40% den am. Fuair mé deis bheith ag obair don Gníomhaireacht seo mar gheall ar mo thaithí leis an nGaeilge is eile.

Le linn mo thréimhse i dTígh na Gaeilge, bhual mé le neart daoine iontacha, cúpla duine ach go háirithe a mheall is a spreag mé le bheith níos gníomháí is níos bainte a bheith agam le saol na Gaeilge ar an Ollscoil is sa saol mór i gcoitinne. Murach mo thréimhse ar an scéim is cinnte nach mbeinn thíos bualadh le cuid de na daoine is spreagúla agus is iontaí ar bhual mé leo riamh, is neart scileanna a fhoghlaim is a forbairt. Gan an muinín is an spreagadh a fuair mé ar an scéim ní bheinn thíos smaoineamh bheith i mo reachtaíre ar an gCumann Gaelach in 2010, rud a spreag mé dul isteach leis Na Gaeil Óga is eile.

Is iomaí rud a bhfuilim an-bhufoch as go raibh deis agam bheith bainteach leis ach tá dhá rud faoi leith a sheasann amach is a chuireann giondar ar mo chroí. Nuair a d'éirigh linn chéad duais Ghlor na nGael a bhaint amach don Chumann Gaelach is fearr in 2011, bhí lúcháir is ionadh an domhain orm. Bhí os cionn 2000 ball cláraithe leis an gCumann an bhliain sin agus bhí idir óg is aosta ó gach cearn den tir is den domhan a d'fhreastail ar imeachtaí éagsúla a bhí eagraithe ag foireann/coiste ildánach ilbhucach an Chumainn. Ceann de na príomhaidhmeanna a chuireamar romhainn le linn na bliana sin ná cumann fáiltíúil, taitneamhach a bheith againn le réimse leathan imeachtaí leis an nGaeilge a normalú ar chumpas. Ba dheas an t-aitheantas (is an t-airgead dar ndóigh;) a fháil ag deireadh na bliana d'obair na gcapall a bhí déanta ag gach aon duine.

An dara rud is mó a chuaigh i bhfeidhm orm ná nuair a chuaigh mé isteach leis Na Gaeil Óga CLG, an t-aon Chumann CLG lasmuigh den Ghaeltacht, a réachtálann gach aon rud trí mheán na Gaeilge. Is cuimhin liom go maith nuair a fiafraíodh díom cabhrú ar dtús le tú a chur le foireann na mban gur dhiúltáigh mé toisc m'easpa cumais sa pheil, ach ar deireadh dúradh liom go raibh mo chabhair de dhíth le daoine a mhealladh an tstí cheáonna ar mheallamar mic léinn chuig an gCumann Gaelach an bhliain roimhe. Níor thuig mé an nasc ag an tú a ch is cinnte gurb í mo thaithí ar an Scéim a chabhraigh liom cabhrú le tú a chur le foireann na mban. Trí bliana ar aghaidh ní hamháin go bhfuil dhá foireann ag na fir, foireann iomána is foireann peile ag an mná sa chlub, is é ann ó 2010, ach beidh fairne faoi aois ann ó Mheán Fómhair 2014 ar aghaidh.

Tá sé mar aidhm ag an gClub deiseanna sóisialta a chur ar fáil do Ghaeil na cathrach, is an Ghaeilge a chur chun cinn ach dáirfíe nuair a bhreathtaintear ar ár stair is dul chun cinn mar chlub is léir gur Cumann CLG ar nós club ar bith eile atá ann atá ag fás agus ag forbairt gach aon bhliain. Ach, tá rud breise a nascann sinn níos daingne le chéile; 'is í sin an Ghaeilge. Tá daoine tagtha chugainn ar bheagán Gaeilge le cumas peile, daoine le Gaeilge le cumas peile, daoine le Gaeilge gan cumas peile, sríach bíonn feabhas agus forbairt le brath is le feiceáil i dtaobh na peile is i dtaobh na Gaeilge de i measc gach uile dhuine.

Táim ag súil go mór lenár mbaill nua, a bheidh ag tosú linn i mí Meán Fómhair, a fheiceáil ar Pháirc an Chrócaigh amach anseo.”



TEACH NA GAEILGE
AG CEILIÚRADH
15 BHLIAIN
BORD NA GAEILGE UCD

Emma Ó Duailáin (2010)

“ Bhain mé bunchéim amach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla sna blianta 2008-2011 agus Máistreachta i Scróbh agus Cumarsáid na Gaeilge in 2011-2012. Le linn mo chúrsa máistreachta, ceapadh mé mar eagarthóir ar an iris liteartha Nua-Aois. Thug mé faoin diplóma sa mhúinteoiracht meánscoile ina dhiaidh sin. Nuair a bhí mé ar an Scéim i 2010-2011 bhí mé i mo leas-Reachtaire don Chumann Gaelach. Seasann an taithí sin liom anois nuair a bhím ag déanamh iarrachta an teanga a chur chun cinn ar scoil.

D'eagraigh mé Seachtain na Gaeilge i mo scoil i mbliana agus bhí roinnt mhaith imeachtaí ar siúl i gcaitheamh na seachtaíne; lón i nGaeilge gach lá, tráth na gceist, clúichí Gaelacha, comórtas póstaer, comórtas scríbhneoireachta srl... D'éirigh go hiontach le 'Comórtas na Gaeilge' a bhí á réachtáil agam ar feadh na seachtaíne.

Bhain mé an-taitneamh agus tairbhe as an mbliain a chaith mé ar an Scéim Chónaithe agus d'fhoghlaím mé scileanna tábhacta atá in úsáid agam fós. Bhuail mé le han-chuid daoine nua trí shaol na Gaeilge i gCOBÁC. Tá cairde agus caidrimh iontacha déanta agam ón tréimhse sin agus tám láinchinte go mbeidh na daoine sin i mo shaol go deo.”



2010-2011

Alexander Ó Ceallaigh
Aoife Nic Shamhráin
Caoimhe Seoige
Cathal Mac Dháibhéid
Cillian Ó Maolmhuaidh
Colin Barrett
Conor Mac Aoidh
Cormac Breathnach
Cormac Murphy
Daire Brennan
Eadaoin Nic Giolla Bhríghde
Edel Ní Bhraonain
Edel Ní Churraoin
Ellen Curtin
Emma Nolan
Mollie McBride
Pat De Brún
Peadar Ó Lamhna
Rebecca Keffe
Sarah Murray
Simon Mac Giolla Easpaig
Sinéad Feeney
Tara Conlon
Teresa Watchorn



Caoimhe Seoige (2010, 2011)

“ Rinne mé staidéar ar na Dána agus ghlac mé Gaeilge agus Stair mar mo phríomhábhair. Tá súil agam dul isteach sna meáin amach anseo, gan an cabhair ón scéim chun mo chuid scileanna praiticiúla agus pearsanta a fheabhsú, ní bheinn chomh muiníneach asam féin dul isteach san earnáil seo.

Táim an-bhródúil as an am a chaith mé san ollscoil mar chaith mé dhá bhliain iontacha ar an Scéim Chónaithe i Merville le daoine spreagúla nach ndéanfaidh mé dearmad orthu go brách. Ó mo chéad lá ar an gcampas, ar an Turas Tae timpeall Merville, bhí a fhios agam go raibh muid ag déanamh rud éigin tábhachtach don Ghaeilge. Idir dhíospóireachtaí grinn agus chlárí raidió, bhí fáilte roimh dhaoine nua i gcónaí teacht chun cainte linn agus an Ghaeilge a chleachtadh. Sa bhliain 2012 bhí mé i mbun Seachtain na Gaeilge agus gan an chabhair a thug gach duine ar an Scéim an bhliain sin, ní bheadh sí ann. Creidim go gcabhróidh mo thaithí ón Teach go mór liom amach anseo.”

PEADAR Ó LAMHNA (2010, 2011, 2012, 2013)

"Rinne mé staidéar ar Dlí le Polaitiocht. Ba mhaith liom post a fháil sna hInstitiúidí Eorpacha nó i Rannóg Stáit. Bhí an scéim an-chabhrach ag cur in iúl dom go bhfuil an-chuid post do dhaoine le Gaeilge sa Bhrúiséal agus nach gá céim a bheith agat sa Ghaeilge chun an Ghaeilge a úsáid i do phost. Ag glacadh párite i mBréagchúirt Úr Dhálaigh bhuail mé le go leor dlíodóirí le Gaeilge a bhí in ann cabhair a thabhairt dom agus mé ag smaoineamh faoin gcéad chéim eile i mo shaol. Bhí an deis agam (go háirithe sa 3ú agus sa 4ú bliain do mo chúrsa an-chuid líonrú a dhéanamh le daoine a oibríonn sa Bhrúiséal agus blas a fháil faoi cad atá i ndán dom má fhaighim post thall ansin.

Measaim gurb é an rud a bhfuilim is bródúla faoi ó mo thréimhse ar an Scéim ná bronnadh Ghramad de híde ar Mháire Geoghegan Quinn ag túis Mí Eanáir 2014. Ba í ceann de na chéad imeachtaí ar fhreastail Uachtaráin nua na hOllscoile, an tOllamh Andrew Deeks, uirthi agus bhí an Cumann luaite ar phríomh leathanach an Choinisiún Eorpaigh an lá dár gcionn. Bhí an Cumann luaite san Irish Times agus ar phríomhscéalta an lae ar Raidió na Gaeltachta. Táim thar a bheith bródúil freisin gur mise an chéad duine riamh a bhí sa teach ceithre bliain as a chéile (cé nár fhreastail mé ar Ghaelcholáiste riamh!).

Chabhraigh an Teach liom an Gaisce Óir a bhaint amach in 2013. Thug an teach an deis dom a bheith lárnach ní hamháin i saol na Gaeilge ach i saol na hOllscoile chomh maith. Gan an teach ní dóigh liom go mbeinn in ann an Gaisce a chríochú. D'fhoghlaim mé an-chuid scileanna ar nós bainistíú ama, ag obair mar fhoireann láidir agus conasimeacht a eagrú i gceart, rudaí a bhfuilim fós á n-úsáid chuile lá agus mé i mbun Máistreachta i Stormont, Béal Feirste."



2011-2012

Alice Parle
Aoibhinn Ni Chionnaith
Barbara O Connor
Caoimhe Seoige
Ciara Gallagher
Clar Ni Inglis Ni Eideain
Conor Conway
Daire Brennan
Darren Mc Mahon
Deirdre Ní Chaomhánaigh
Eadaoin Nic Giolla Bhrighde
Emma Mc Loughlin
Eoghan Murphy
Eoin Kelly
Gearóid Ó Láimhán
Hannah Ní Riain
Martin Mulkerrins
Niamh Ni Fhearghail
Páraic Ó Cualáin
Peadar Ó Lamhna
Shane Hennessy
Shauna Malanaphy
Suzanne Byrne

2012-2013


Adam Lafferty
Aisling Aston
Aoibhinn Ni Chionnaith
Aoife Keane
Cait Ni Thuama
Caoimhe Ni Chobhthaigh
Ciaran Brennan
Dara Seoighe
Dearbhla Burke
Eadaoin Nic Reamoinn
Eanna O Braonain
Fergal Mc Govern
Hugh Cannon
Iseult Ring
Jamie Flannery
Joseph Lawlor
Katie Aston
Laura Shaughnessy
Niamh Doogan
Páraic Ó Cualáin
Peadar Ó Lamhna
Rebecca Rennick
Shane Hennessy

2013-2014

Aoife Ní Uallacháin
Bróna Ní Chiaráin
Caitríona Ní Chathasaigh
Cathal Tobin Ó Briain
Danielle Ní Dhochartaigh
Dara Seoighe
Diarmuid Ó hlcí
Dónal Ó Catháin
Ed Campion
Elinor Ní Dhochartaigh
Ferdia Ó Cionnaith
Fionnuala Nic Giolla Chearra
Giollaíosa Ní Mhaonaigh
Iseult Ní Rinn
Jamie Ó Flannúra
John McHugh-Dolan
Niall Ó Uiginn
Niamh Ní Dhubhgháin
Oisín Ó Cadhain
Peadar Ó Lamhna
Peadar Ó Maoltuile
Ross Ó Bhigín
Seán Ó Cionnthaolaidh
Shane Mac Grianna

2014-2015

Ailín Ní Chrualaíoch
Amy Nic Chuinneagain
Andrew Ó hEachteirn
Anraí Ó Braonáin
Danielle Ní Dhochartaigh
Deaglán Saruwatari
Diarmuid Ó hlcí
Dónal Mac an Trá
Dónal Ó Catháin
Donncha Ó Murchú
Emmet Ó Gráda
Eoghan Mac Domhnail
Ferdia Ó Cionnaith
Fiona Ní Churraoin
Jamie Ó Flannúra
Kiana Nic Cionnaith
Lorna Ní Shúilleabáin
Lorraine Ní Stac
Máire Nic Thomáis
Neasán Mac Suibhne
Niall Ó Uiginn
Oisín Ó Cadhain
Séamus Ó Ceannáinn
Shane Mac Grianna



TEACH NA GAEILGE
AG CEILIÚRADH
15 BHLIAIN
BORD NA GAEILGE UCD